# AN MÚSAEM NÁISIÚNTA CLÓ STRAITÉIS 2024-2028



# BROLLACH

Since the transformative days of the European Renaissance, printing has been at the centre of social, political, and cultural change. The printing of text and images radically transformed the way generations began to see themselves, and it has galvanised society to question, to challenge, to educate, to learn, and to create.

Printing has brought the voice of the individual – their philosophies, scientific discoveries, artistry, and journalism – to the many, leading to community formation that has defied borders. The printed page was, and remains, a space of innovation, experimentation, the imagination, and at times, revolution. As in the case of Ireland, printing allowed us to explore and define our identity, to recuperate our national language and heritage, to express ourselves in word and image and declare our sovereignty. Yet, as demonstrated at the National Print Museum, while the printing press has nourished the local, with ever-growing literacies, it has informed and globalised the world.

The National Print Museum safeguards and celebrates this history so that everyone may know and be inspired by the extraordinary impact of printing on our lives. We preserve and honour the technologies and skills of printing, past and present, as a place of learning, inspiration, and (re)discovery. We are proud of our unique status as a living museum, where historical artefacts, representing past and recent print technologies, combine with intergenerational knowledge and skills to tell the story of printing in Ireland and the wider world.

This new strategy is testament to our belief in the importance of that history and anticipates our role in the evolving story of printing. It brings our authority and passion into focus as we advance our role as a renowned museum, as an award-winning learning centre and as a popular visitor attraction.

Over the next five years, we look forward to expanding the story we tell and to innovating how we tell it, in a new physical home and on our digital platforms, as we invite more people to experience and explore the practices, impacts and possibilities of printing.

I would like to thank the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media for their on-going support of the National Print Museum and recognition of its role within the national cultural landscape. I would also like to acknowledge the Office of Public Works for the provision of space in Beggars Bush Barracks and the City of Dublin Education and Training Board for their sustained support of our formal learning programme.

With this strategy, we look forward to the future of the National Print Museum as one of Ireland's most vital cultural institutions.

Pat Kerr, Chair
*On behalf of the Board of Directors*

# TÚS EOLAIS

Is cúis mhór bróid agus áthais dom straitéis an Mhúsaeim Náisiúnta Cló 2024-2028 a chur i láthair.

Leagtar amach inár straitéis nua ár n-uaillmhianta agus ár dtosaíochtaí thar thréimhse an-spreagúil i bhforbairt an Mhúsaeim. Táimid ag súil go mbeidh na cúig bliana amach romhainn lán athruithe is dúshlán, agus go mbeidh go leor deiseanna ann, leis, lena linn.

Agus muid ag druidim i dtreo an tríú deich mbliana dár saol, tá ceann de na dúshláin is mó riamh ó bunaíodh an Músaem le sárú againn – baile nua fisiciúil a fháil. Spreag an riachtanas seo sinn chun smaoineamh ar ár dtodhchaí le huaillmhian agus le dóchas, ar a bheith gan srianta spáis ná acmhainní.

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhoibríoch chun an straitéis seo a fhorbairt trí mhachnamh a dhéanamh ar éachtaí san am a chuaigh thart agus a leagan amach uair amháin eile cé muid féin, cad é a dhéanaimid, agus an fáth a ndéanaimid é. Is é an toradh air sin an straitéis is uaillmhianaí againn riamh, ina ndéanaimid iarracht ár seasamh mar institiúid oidhreachta náisiúnta ábhartha agus luachmhar a chur chun cinn; ár gceangal le daoine aonair agus le pobail a leathnú agus a éagsúlú; ár rannchuidiú le saol cultúrtha, oidhreachta agus oideachais na hÉireann a dhoimhniú; agus níos mó daoine ná riamh a mhealladh chun páirt a ghlacadh i gceiliúradh scéal na clódóireachta in Éirinn.

Chun an uaillmhian seo a bhaint amach, tá ceithre phríomhthosaíocht aitheanta againn: Bailiúchán agus Ceardaíocht, Scéalaíocht agus Ceangal, Foghlaim agus Fionnachtain, agus Eagrú agus Tionchar. In éineacht leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo, aithníonn an Músaem agus féachann sé le tosaíochtaí beartais náisiúnta a chur chun cinn, go háirithe maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus le gníomhaíocht ar son na haeráide.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus leis an gCoiste Coimeádaíochta, le mo chomhghleacaithe agus na hoibrithe deonacha sa Mhúsaem agus leis na páirtithe leasmhara seachtracha a chuir go fial le forbairt na straitéise seo. Táim ag tnúth go mór leis an Músaem Náisiúnta Cló a threorú isteach sa chéad chéim eile dá thodhchaí, agus cuspóir soiléir againn i gcónaí: scéal na clódóireachta in Éirinn a cheiliúradh agus a chosaint ionas go mbeidh eolas ag cách ar áilleacht agus ar chumhacht na clódóireachta agus a thionchar ar ár saol agus go dtarraingeoidh siad ionspioráid as.

Carla Marrinan Funder
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



# MAR GHEALL ORAINN

Déanann An Músaem Náisiúnta Cló scéal na clódóireachta agus a tionchar ar ár saol in Éirinn a cheiliúradh. Mar chaomhnóir den bhailiúchán náisiúnta d'oidhreacht na clódóireachta, caomhnaímid na nithe ábhartha, na scéalta agus ceird na clódóireachta agus cuirimid beocht ina stair dár gcuairteoirí.

Is músaem beo muid, ionad foghlama gníomhach agus ceann de na nithe is mó tóir i measc cuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath. Iarraimid ar dhaoine taitneamh a bhaint as taithí phraiticiúil ár mbuan-bhailiúcháin, nó a bheith spreagtha ag na taispeántais, ranganna agus ceardlanna a chuirimid ar fáil ar an suíomh, ar líne agus timpeall na hÉireann. Cuirimid deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus a athraíonn an saol ar fáil, lena n-áirítear clár oiliúna áitiúil a bhfuil duaiseanna buaite aige sa léann cultúrtha agus oidhreachta.

Is é **an cuspóir** atá againn scéal na clódóireachta in Éirinn a cheiliúradh agus a chosaint ionas go mbeidh a fhios ag gach duine faoin tionchar atá aige ar ár saol agus go spreagfar iad dá réir.

Is í **an fhís** atá againn ná todhchaí ina leanann áilleacht agus cumhacht na clódóireachta de bheith ag athrú agus ag saibhriú an domhain.

Dhá chuid atá **sa mhisean** againn: daoine eile a mhealladh, a oiliúint agus ale spreagadh mar mhúsaem beo cló; agus an cheird, na scéalta agus na réada a chuimsíonn ár mbailiúchán uathúil oidhreachta a chaomhnú agus a chomhroinnt, agus ag an am céanna tacú le cultúr atá ag athrú agus próisis dearaidh agus clódóireachta a chur ar taispeáint.



# ÁR LUACHANNA

## CUIREADH CHUN EOLAIS

Tá an chlódóireacht ar cheann de na rudaí is tábhachtaí a cheap an duine. Ligeann sé dúinn eolas agus smaointe a roinnt go forleathan. Spreagaimid fiosracht agus fionnachtain phraiticiúil inár gcuairteoirí agus éascaímid an fhoghlaim i ngach a ndéanaimid. Déanaimid iarracht smaointe agus deiseanna nua a thriail. slite nua oibre a aimsiú agus todhchaí nua don chló a aimsiú.

## CÚRAM DÁR mBAILIÚCHÁN, DO DHAOINE AGUS DON PHLÁINÉAD

Is muidne caomhnóirí an bhailiúcháin náisiúnta cló. Tugaimid aire dár gcuairteoirí, dár n-oibrithe deonacha, dóibh siúd a fhoghlaimíonn linn agus dá chéile. Tuigimid ár ndualgas práinneach cúraim chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

## CEANGAL A CHRUTHÚ

Táimid tiomanta don saol a bhí a athchruthú agus é a dhéanamh lánbhríoch san am i láthair. Déanaimid amhlaidh le dúthrach i ngach cás, do pháistí agus do chomhlaigh acadúla araon. Déanaimid nasc idir daoine agus na próisis, na smaointe agus na féidearthachtaí a ghabhann leis an gclódóireacht. Tá meas againn, leis, ar ár ról mar chomhpháirtí agus cothaímid gaol iontaofa lenár bpobail.

## AOIBHNEAS A MHÚSCAILT


Bíonn an-spraoi ag ár gcuairteoirí ar an Músaem agus is cúis áthais dúinn an taitneamh a bhaineann siad as. Scaipimid aoibhneas agus spreagaimid tuiscint nua agus muid ag roinnt ár n-eolas agus ár bpaisean don chló. Féachaimid chuige, leis, le cultúr a chothú dár bhfoireann trína dtacaítear le daoine, ionas gur féidir leo a bheith ar a ndícheall ag obair, agus iad bródúil agus áthasach as a ndéanann siad.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus carthanas cláraithe é an Músaem Náisiúnta Cló. Tá sé á rialú ag Bord de thart ar ochtar (lena n-áirítear an Cathaoirleach) a cheaptar ar feadh téarma trí bliana, suas le naoi mbliana ar a mhéad. Foireann bheag a dhéanann obair an Mhúsaeim Náisiúnta Cló a chomhlíonadh, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh a bhfuil freagracht iomlán uirthi as bainistíocht chorparáideach na cuideachta. Faigheann an Bord agus an fhoireann tacaíocht ón gCoiste Coimeádaíochta atá freagrach as beartas bailiúcháin agus bainistíocht an Mhúsaeim agus as clár taispeántais sealadach an Mhúsaeim a choimeád. Cuid bhunúsach de chaomhnú an bhailiúcháin, de cheird agus de scéalta na clódóireachta is ea an painéal clódóirí agus cló-eagraithe deonacha, a dtugtar An Séipéal orthu go minic.

I gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, reáchtálann an Músaem Náisiúnta Cló Tionscnamh Oiliúna Áitiúil creidiúnaithe i staidéir chultúrtha agus oidhreachta a bhfuil duaiseanna buaite aige.

Tá an Músaem Náisiúnta Cló creidiúnaithe go hiomlán faoi Chlár Caighdeáin Mhúsaem na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta.

**TÁ AN CHLÓDÓIREACHT BHRÚCHLÓ I GCROÍLÁR BHAILIÚCHÁN AN MHÚSAEIM NÁISIÚNTA CLÓ. IN 2019, D'ÉIRIGH LE HIARRATAS AN MHÚSAEIM AR AN MBRÚCHLÓ A BHEITH CURTHA SAN ÁIREAMH SAN FHARDAL NÁISIÚNTA D'OIDHREACHT CHULTHURTHA DHOLÁIMHSITHE.**



# ÁR nUAILLMHIAN

Faoin mbliain 2028, beidh clú agus cáil ar an Músaem Náisiúnta Cló agus beidh meas mór air agus tacófar leis go hinbhuanaithe mar institiúid oidhreachta atá ábhartha agus luachmhar don náisiún.

Mar gheall ar ár n-aistriú chuig foirgneamh nua, beidh an rochtain ar ár mbailiúchán athraithe ó bhonn agus cuirfidh sé ar ár gcumas ár n-acmhainneacht a bhaint amach mar mhúsaem beo, mar ionad foghlama agus mar tharraingt do chuairteoirí.

Leanfaidh an chlódóireacht bhrúchló de bheith mar ancaire ár mbailiúcháin, ach leathnóimid an scéal a insímid amach chun ealaín agus cumhacht na clódóireachta le himeacht aimsire a thaispeáint, óna thús sa tSín go dtí an lá inniu anseo in Éirinn agus chun rudaí spreagúla a bheidh ag teacht chun cinn sa todhchaí a shamhlú.

Ó thaobh ár mbailiúcháin de, ní hamháin go mbeidh caomhnú déanta againn ar na réada ábhartha arb iad oidhreacht inláimhsithe thionscal na clódóireachta iad, ach freisin ar na scéalta, na scileanna agus an cheardaíocht ghaolmhar a chuireann le hoidhreacht chultúrtha doláimhsithe na hÉireann. Beidh feabhas curtha againn freisin ar ár mbailiúchán trí rudaí a fháil agus a cheannach agus trí theicneolaíocht nua.

Déanfaidh ár gclár taispeántais shealadach ár mbailiúchán buan a chomhlánú go cumhachtach agus go samhlaíoch. Meallfar lucht féachana agus aird ar chomhoibriú atá coimeádta go cúramach le healaíontóirí den scoth agus le heagraíochtaí ceannródaíocha, agus ag an am céanna cothófar tuiscint agus díograis nua don chlódóireacht.

Beidh oideachas agus foghlaim, eolas a roinnt agus taighde a éascú, mar thosaíocht againn i gcónaí. Déanfaimid ár gclár oideachais aosaigh a leathnú, ár rannpháirtíocht le bunscoileanna agus meánscoileanna a leathnú agus a dhoimhniú, agus tógfaimid ar ár gcaidreamh le hinstitiúidí tríú leibhéal. Beidh ár gclár poiblí ag tacú le daoine de gach aois agus de gach leibhéal spéise agus taithí chun fáil amach faoin gclódóireacht agus fáil amach faoi.

Le léirmhínithe nua ar ár mbailiúchán, taispeántais uathúla agus deiseanna rannpháirtíochta mealltacha, beimid tar éis ár n-áit mar cheann de na nithe is mó is díol spéise do 'lucht fionnachtana' Bhaile Átha Cliath a dheimhniú, chun eispéireas cuairteora den scoth a thairiscint do gach duine a thagann chuig an músaem.

Bliain i ndiaidh bliana beimid ag fáiltiú roimh níos mó daoine chuig an músaem agus ag éascú rochtain agus rannpháirtíocht ghníomhach ar líne. Déanfaimid ár gceangal le daoine aonair agus le pobail ar fud na hÉireann agus thar lear a leathnú agus a éagsúlú. Feabhsófar ár n-eispéireas cuairteora agus ár raon geografach trí acmhainn agus cumas digiteach nua.

Beidh sé seo á bhaint amach go bródúil ag an Músaem Náisiúnta Cló faoi 2028 i bhfoirgneamh eile, tar éis tacaíocht airgeadais bhreise leanúnach a fháil, ár mbranda agus ár n-acmhainn eagraíochtúil a fhorbairt, agus muid seasta i gcónaí inár dtiomantas do chosaint agus do cheiliúradh na clódóireachta in Éirinn.



# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

## 1 BAILIÚCHÁN AGUS CEARDAÍOCHT

**SPRIOC**
Ár mbailiúchán agus ceird oidhreachta na clódóireachta a chaomhnú agus a fhorbairt.

## 2 SCÉALAÍOCHT AGUS CEANGAL

**SPRIOC**
Ár mbailiúchán a léirmhíniú agus scéal claochlaitheach na clódóireachta a roinnt leis an lucht spéise is mó is féidir.

## 3 FOGHLAIM AGUS FOLLASÚ

**SPRIOC**
Deiseanna foghlama inrochtana, spreagúla agus insroichte a chruthú agus a chur ar fáil do chách.

## 4 EAGRAÍOCHT AGUS TIONCHAR

**SPRIOC**
Eagraíocht éifeachtach, cuimsitheach agus inbhuanaithe a thógáil

### CUMASÓIRÍ CRITICIÚLA

Beifear in ann ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach trí oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine eile, cumarsáid éifeachtach agus abhcóideacht a bheith againn, agus ár n-inbhuanaitheacht agus ár n-athléimneacht airgeadais a chinntiú.

### TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS

In éineacht leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo, aithníonn an Músaem Náisiúnta Cló agus féachann sé le tosaíochtaí beartais náisiúnta a chur chun cinn, go háirithe maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus le gníomhaíocht ar son na haeráide.





# 1 BAILIÚCHÁN AGUS CEARDAÍOCHT

## SPRIOC

Ár mbailiúchán agus ceird oidhreachta na clódóireachta a chaomhnú agus a fhorbairt.

**Cén fáth an sprioc seo?**

Is sa Mhúsaem Náisiúnta Cló a stóráiltear bailiúchán náisiúnta oidhreachta cló na hÉireann. Sna cúig bliana amach romhainn, cuirfimid feabhas ar an mbailiúchán agus feabhsóimid rochtain fhisiciúil agus dhigiteach, ionas go mbainfear sult as agus go mbeidh meas air go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is músaem beo muid, murab ionann agus músaeim eile. Mar sin, ní mór dúinn an bailiúchán a chaomhnú, a chinntiú go bhfuil dea-riocht ar gach cuid de, agus na scéalta agus ceardaíocht na clódóireachta a bhaineann leis a chaomhnú. Táimid tiomanta don chlódóireacht a choinneáil beo do na glúnta atá le teacht agus táimid ag tnúth leis na deiseanna a chuireann éadálacha agus teicneolaíochtaí nua a uasmhéadú sna blianta amach romhainn.

| **CUSPÓÍRÍ**<br>Cad a dhéanfaimid chun an sprioc seo a bhaint amach | **TORTHAÍ**<br>Cá bhfios gur éirigh linn? |
|---|---|
| An bailiúchán a chaomhnú ar an láthair agus i stóras leis an gcaighdeán is airde cúraim. | Tá rochtain níos éasca agus níos éifeachtaí ag níos mó daoine ar ár mbailiúchán, atá stóráilte de réir caighdeáin mhúsaeim. |
| Infheistiú i gcóras bainistíochta bailiúcháin atá oiriúnach don fheidhm agus i ndigitiú an bhailiúcháin chun rochtain ar fhaisnéis bhailiúcháin a fheabhsú. | Tá an bailiúchán ar fáil go hiomlán ar líne agus is acmhainn luachmhar idirnáisiúnta é. |
| An bailiúchán a fheabhsú le héadálacha cuí agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua. | Insíonn ár mbailiúchán agus ár dteicneolaíochtaí tacaíochta scéal iomlán na clódóireachta anois. |
| Cinntiú go leanfar den cheardaíocht thraidisiúnta agus lena stair bhéil trí chláir fhoirmiúla aistrithe scileanna agus tionscnaimh forbartha eile. | Is ceird bheo í an chlódóireacht, a chleachtaítear agus a bhfuil meas forleathan uirthi. |

# 2 SCÉALAÍOCHT AGUS CEANGAL


## SPRIOC

Ár mbailiúchán a léirmhíniú agus scéal claochlaitheach na clódóireachta a roinnt leis an lucht spéise is mó is féidir.

**Cén fáth an sprioc seo?**

Is é an cuspóir atá againn scéal na clódóireachta in Éirinn a cheiliúradh agus a chosaint ionas go mbeidh a fhios ag gach duine faoin tionchar atá aige ar ár saol agus go spreagfar iad dá réir. Cinnteoidh an tosaíocht seo go gcomhlíonfaimid an sprioc sin. Beidh an chlódóireacht bhrúchló i gcroílár an scéil a insímid de réir mar a thugann spásanna fisiceacha agus digiteacha nua an deis dúinn ár n-insint agus ár raon a leathnú, chun stair bheoga na clódóireachta a chomhroinnt agus a baint le saol an lae inniu a léiriú. Ar an tslí sin, beidh ár mbranda níos so-aitheanta don phobal agus cuirfimid ár suíomh chun cinn mar institiúid oidhreachta náisiúnta a bhfuil ábharthacht agus luach aici, agus mar tharraingt dhosheachanta do chuairteoirí.

| **CUSPÓÍRÍ**<br>Cad a dhéanfaimid chun an sprioc seo a bhaint amach | **TORTHAÍ**<br>Cá bhfios gur éirigh linn? |
|---|---|
| Déantar teagmháil leis an mbailiúchán a athrú ó bhonn trí léirmhíniú nua agus feabhsaithe a thaispeánann an chaoi ar mhúnlaigh an chlódóireacht an saol atá againn. | Tá scéal na clódóireachta ar eolas ag níos mó daoine agus is spreagadh dóibh é. |
| Coimeádaimid taispeántais shealadacha láidre a chuireann áilleacht agus cumhacht na clódóireachta i láthair inár saol laethúil. | Tarraingíonn ár dtaispeántais uathúla aird agus moladh agus tá siad tarraingteach do raon leathan cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| Déantar forbairt ar bhranda an Mhúsaem Náisiúnta Cló, rud a dhearbhaíonn a áit mar cheann de na hinstitiúidí cultúrtha is mó le rá in Éirinn trína leantar lena fhorbairt mar tharraingt dhosheachanta do chuairteoirí. | Tá clú agus cáil ar Mhúsaem Náisiúnta na Clódóireachta agus tá an-mheas air mar mhúsaem beo, ionad foghlama agus tarraingt do chuairteoirí. |
| Leantar ar aghaidh ag comhoibriú agus ag tógáil comhpháirtíochtaí le healaíontóirí den scoth agus le heagraíochtaí ceannródaíocha laistigh agus lasmuigh den Mhúsaem agus d'earnáil an chultúir, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, chun próifíl, bailiúchán agus clár an Mhúsaeim a chur chun cinn. | Tá ár gcomhpháirtíochtaí cruthaitheacha samhlaíocha, comhthairbhiúla ag cothú tuiscint agus díograis nua maidir leis an gclódóireacht agus ag cur an mhúsaeim chun cinn. |



# 3 FOGHLAIM AGUS FOLLASÚ

### SPRIOC
Deiseanna foghlama inrochtana, spreagúla agus insroichte a chruthú agus a chur ar fáil do chách.

**Cén fáth an sprioc seo?**
Freastalaíonn músaeim ar an tsochaí mar áiteanna oideachais, taitneamhachta, machnaimh agus comhroinnte eolais. Táimid an-dáiríre faoinár bhfreagrachtaí ina leith seo. Tuigimid na féidearthachtaí a fhéadann cor a chur i saol daoine a ghabhann lenár scothchlár foghlama foirmeálta agus feicimid an-áthas a ghabhann le rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil leis an gclódóireacht trí chláir scoile agus phoiblí. Aithnímid ár ról i dtaighde léannta agus an acmhainn atá ann do chaidreamh níos dlúithe le hinstitiúidí tríú leibhéal. Teastaíonn uainn go mbeidh an Músaem Náisiúnta Cló ina fhoinse chuimsitheach foghlama ar feadh an tsaoil, taighde agus fionnachtana a bhfuil meas air, agus an chlódóireacht ina inspioráid do chách.

| **CUSPÓÍRÍ**<br>Cad a dhéanfaimid chun an sprioc seo a bhaint amach | **TORTHAÍ**<br>Cá bhfios gur éirigh linn? |
|---|---|
| Leanúint lenár gclár oideachais creidiúnaithe d'aosaigh, agus a chaighdeán sármhaitheasa agus torthaí dearfacha a choimeád. | Tá cohóirt mac léinn ag dul ar aghaidh le muinín agus cumais fheabhsaithe chuig fostaíocht nó breisoideachas. |
| Forbairt an eolais i dtaobh stair agus cultúr na clódóireachta a chur chun cinn mar rud a bhaineann leis an saol ar fad trínár gclár rannpháirtíochta poiblí, trína gcruthófar deiseanna rannpháirtíochta níos cuimsithí. | Tá níos mó daoine ar fud ár bpobail agus ó chúlraí éagsúla ag cur spéise sa chlódóireacht. |
| Ár rannpháirtíocht le bunscoileanna agus meánscoileanna a dhoimhniú agus a éagsúlú. | Tá níos mó leanaí agus daoine óga ag baint sult as eispéiris chruthaitheacha ardchaighdeáin tríd an gclódóireacht. |
| Deiseanna do thaighde léannta a mhéadú, ag tógáil ar ár gcaidreamh le hinstitiúidí tríú leibhéal. | Is lárionad gníomhach taighde agus rannpháirtíochta acadúil é an Músaem Náisiúnta Cló. |






# 4 EAGRAÍOCHT AGUS TIONCHAR

### SPRIOC
Eagraíocht éifeachtach, cuimsitheach agus inbhuanaithe a thógáil.

**Cén fáth an sprioc seo?**
Leagtar amach sa straitéis seo pleananna uaillmhianacha do thodhchaí an Mhúsaeim Náisiúnta Cló ag am atá dúshlánach ach lán deiseanna don eagraíocht ag an am céanna. Mar sin, ní mór dúinn a chinntiú go dtagann ár n-acmhainn lenár n-uaillmhian agus go n-éascaíonn sé bainistiú an athraithe. Tá sé ríthábhachtach teach nua a fháil dár dtodhchaí, ach caithfear tacú leis trí infheistíocht i ndaoine agus trí inbhuanaitheacht eacnamaíoch an Mhúsaeim a chinntiú.

| **CUSPÓÍRÍ**<br>Cad a dhéanfaimid chun an sprioc seo a bhaint amach | **TORTHAÍ**<br>Cá bhfios gur éirigh linn? |
|---|---|
| An caighdeán is airde rialachais agus bainistíochta a choinneáil mar is cuí d'eagraíocht a fhaigheann maoiniú poiblí. | Cloíonn Ard-Mhúsaem na Clódóireachta go hiomlán leis an gCód Rialachais do Charthanais agus comhlíonann sé a oibleagáidí reachtúla go léir. |
| Cumas, cumais agus cultúr na heagraíochta a chinntiú chun an straitéis seo a sheachadadh. | Tá an Músaem Náisiúnta Cló ag baint amach a uaillmhianta, le líon méadaithe foirne, Bord saineolaithe gníomhach agus cultúr dearfach, cumasach. |
| Teach oiriúnach don fheidhm, fadtréimhseach a chinntiú don Mhúsaem. | Cumas, cumais agus cultúr na heagraíochta a chinntiú chun an straitéis seo a sheachadadh. |
| Ár mbonn maoinithe a mhéadú agus a éagsúlú, chun acmhainn airgeadais agus athléimneacht na heagraíochta a mhéadú. | Is eagraíocht dea-acmhainní é an Músaem atá cobhsaí ó thaobh airgeadais de. |
| Fanacht san airdeall ar bheartais náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm mar eagraíocht eiseamláireach. | Tá an Músaem chun tosaigh sa smaointeoireacht agus sa chleachtas maidir le cur i bhfeidhm na mbeartas náisiúnta. |

## CUR CHUN FEIDHME AGUS MONATÓIREACHT

Bainfear straitéis an Mhúsaeim Náisiúnta Cló trí phleananna bainistíochta bliantúla de réir Chlár Chaighdeáin Músaem na hÉireann. Sonrófar sna pleananna seo na gníomhartha chun na cuspóirí a sainaithníodh a chomhlíonadh. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach go hinmheánach, le hathbhreithnithe bliantúla foirmiúla chun an dul chun cinn atá déanta ar thosaíochtaí straitéiseacha agus beartais a mheas. Déanfaimid athbhreithniú meántéarmach ar an straitéis seo in 2026.

Déanfar maitrís táscairí feidhmíochta a fhorbairt freisin, ag teacht leis na torthaí atá luaite anseo, chun ár dtionchar agus ár ngnóthachtáil a thomhas go láidir.

## ACKNOWLEDGEMENTS

Ba mhaith leis an Músaem Náisiúnta Cló a bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le forbairt na straitéise seo, lena n-áirítear an comhairleoir Janice McAdam a thacaigh linn sa phróiseas seo agus leis an gComhairle Oidhreachta a mhaoinigh a forbairt tríd an Scéim Acmhainne.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí a mhaoiníonn an Músaem Náisiúnta Cló. Tá Tionscnamh Oiliúna Áitiúil an Mhúsaeim á mhaoiniú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. Thacaigh an Chomhairle Ceardaíochta le dearadh agus cló an doiciméid seo.

The design and print of this document has been supported by the Design and Crafts Council of Ireland.

Grianghrafadóireacht: Mark Henderson agus Ruth Carden.
Aistritheoir: Clare Rowland
Dearadh: Language
Cló: Printrun

2024
2028

# AN MÚSAEM NÁISIÚNTA CLÓ STRAITÉIS 2024-2028



MÚSAEM NÁISIÚNTA CLÓ
National Print Museum

Design & Crafts Council Ireland

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council